



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2023
(OR. en, sl, sk)

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0353(COD)

11176/23
ADD 1

CODEC 1222
ENV 783
ENT 151
MI 574

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n- aisghairtear Treoir 2006/66/CE (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh = Ráitis

Ráiteas ón tSlóivéin

Tacaíonn an tSlóivéin le cuspóirí an Rialacháin nua maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, agus geallann sí go gcuirfidh sí leis na cuspóirí sin, chun na tionchair chomhshaoil agus shóisialta a laghdú ag gach céim de shaolré na gceallraí. Dá bhrí sin, tacaíonn an tSlóivéin leis an Rialachán nua i bprionsabal a mhéid a bhaineann leis na ceanglais inbhuanaitheachta agus sábháilteachta do cheallraí, chomh maith le ceanglais shoiléire maidir le ceallraí a chur ar an margadh. Tacaíonn an tSlóivéin freisin leis na ceanglais maidir le hathúsáid agus athmhonarú a neartú, chomh maith le ceallraí dramhaíola a aisghabháil agus a bhainistiú. Mar sin féin, measann an tSlóivéin nach bhfuil forálacha áirithe soiléir go leor agus nach bhfuil ceanglais áirithe indéanta go teicniúil ná go heacnamaíoch laistigh den tréimhse ama a leagtar síos sa togra comhréitigh deiridh.

Ba mhaith leis an tSlóivéin a chur in iúl go n-eascaíonn na ceanglais chun ceallraí dramhaíola a bhainistiú, go háirithe freagracht leathnaithe táirgeora agus go háirithe údarú maidir le clárú táirgeora agus comhlíonadh freagrachta leathnaithe táirgeora, ón Treoir anois, ionas gur féidir leis na Ballstáit ceanglais mhionsonraithe reachtacha agus eagraíochtúla a shainiú de réir imthosca náisiúnta. Cruthóidh modhnú na hionstraime deacrachtaí breise, chomh maith le hualaí riaracháin agus airgeadais, maidir leis na córais náisiúnta atá ann cheana a chur in oiriúint do na ceanglais athbhreithnithe.

Aontaíonn an tSlóivéin go bhfuil gá le spriocanna uailmhianacha comhshaoil, ach ba mhaith léi a chur in iúl gur cúis mhór inní di gur féidir na spriocanna comhréitigh atá beartaithe maidir le ceallraí inaistrithe dramhaíola agus ceallraí dramhaíola le haghaidh feithiclí éadroma a bhailiú ar leithligh, chomh maith leis na spriocanna comhréitigh atá beartaithe d'aisghabháil agus éifeachtúlacht athchúrsála litiam, a bhaint amach laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán.

Is oth leis an tSlóivéin freisin an easpa beart chun faireachán agus faireachas éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora atá ar mhicrifhiontair nó ar fhiontair bheaga. Maidir le hAirteagal 3 den Rialachán maidir leis an Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha, níl soláthraithe ardán ar líne a cháilíonn mar mhicrifhiontair nó mar fhiontair bheaga faoi réir na hoibleagáide maidir le freagracht leathnaithe táirgeora. Dá bhrí sin, ní bheifear in ann a áirithiú go gcomhlíonfar freagracht leathnaithe táirgeora ná nach bhféadfar faireachán a dhéanamh sna cásanna sin.

Is oth leis an tSlóivéin freisin nach gcuireann roinnt athruithe eagarthóireachta i bhfianaise an chomhaontaithe chomhréitigh is déanaí le timpeallacht rialála níos fearr ná le soiléireacht an rialacháin.

I bhfianaise na n-údar mór inní faoi indéantacht cuid de na ceanglais, staonfaidh an tSlóivéin ón vótáil.

Ráiteas ón tSlóvaic

Is ábhar inní do Phoblacht na Slóvaice na tréimhsí ama a leagadh síos d'oibleagáidí aonair agus na tráthchláir, raon feidhme agus méid na ngníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin, a d'fhéadfadh fadhbanna a chruthú ó thaobh an Rialachán a chur chun feidhme go praiticiúil.

Ráitis ón gCoimisiún

Ráiteas 1

Tugann an Coimisiún dá aire go bhféadfadh an cur chuige a chomhaontaigh na comhreachtóirí infheidhmeacht rialacha áirithe inbhuanaitheachta a nascadh le glacadh na ngníomhartha tarmligthe nó cur chun feidhme faoi seach ag an gCoimisiún cur isteach ar an deimhneacht dhlíthiúil do na hoibreoirí eacnamaíocha maidir le hinfheidhmeacht na rialacha sa Rialachán.

Ráiteas 2

Is oth leis an gCoimisiún na spriocdhátaí gearra chun gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí leantacha eile agus cuireann sé in iúl gur cúis inní dó a indéanta atá sé na spriocdhátaí sin a chomhlíonadh in am. Tugann an Coimisiún dá aire go mbeidh gá le hacmhainní suntasacha sa Choimisiún chun an Rialachán a chur chun feidhme.
